



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2017  
(OR. en)

EUCO 14/17

CO EUR 17  
CONCL 5

## **NÓTA CLÚDAIGH**

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle  
chuig: na toscaireachtaí

---

Ábhar: Cruinniú den Chomhairle Eorpach (19 Deireadh Fómhair 2017)  
– Conclúidí

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcrúinniú thuasluaite.

---

*Ag tús an chruinnithe, thug an Comhalta den Chomhairle Eorpach atá ina ionadaí don Bhallstát atá i mbun Uachtaránacht na Comhairle ar feadh tréimhse sé mhí forléargas ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle roimhe seo.*

## **I. AN IMIRCE**

1. Tá ag éirí le cur chuige na mBallstát agus institiúidí an Aontais smacht iomlán ar na teorainneacha seachtracha a áirithiú agus ní mór an cur chuige sin a chomhdhlúthú. Tríd is tríd, tá laghdú suntasach tagtha ar shreabhadh na himirce agus ar líon na ndaoine atá á gcailleadh ar muir.
2. Tá an Chomhairle Eorpach lándiongbháilte leanúint dá cur chuige cuimsitheach, pragmatach, daingean, agus é a chur i bhfeidhm i ngach cás inar gá sin. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige sin:
  - a bheith san airdeall ar gach bealach imirce agus a bheith réidh le freagairt d'aon treoht nua;
  - úsáid phragmatach, sholúbtha, chomhordaithe a bhaint as gach ionstraim de chuid an Aontais agus na mBallstát dá bhfuil ar fáil;
  - tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit sin a mbíonn tionchar díreach ag an imirce orthu nó a mbaineann sí leo, lena n-áirítear trí thacaíocht leanúnach a chur ar fáil ó ghníomhaireachtaí an Aontais;
  - comhar láidir leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta agus leis na tíortha tionscnaimh, idirthurais agus imeachta;
  - na dreasachtaí le haghaidh na himirce neamhdhleathaí a laghdú trí dhaoine a fhilleadh go héifeachtach;
  - acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus eile.

3. Chun an cur chuige seo a chomhdhlúthú agus a dhoimhniú ar gach bealach imirce, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí an méid a leanas:
- tiomantas iomlán a léiriú dár gcomhar leis an Tuirc maidir leis an imirce agus don tacaíocht do na Balcáin Thiar;
  - an comhaontú um athligeran isteach idir an tAontas agus an Tuirc a chur chun feidhme go hiomlán agus go neamh-idirdhealaitheach le gach Ballstát;
  - a áirithiú go gcuirfear feabhas mór ar an bhfillleadh trí ghníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, amhail comhaontuithe agus socruithe éifeachtacha um athligeran isteach; an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann a neartú a thuilleadh agus ról níos mó a thabhairt di in eagrú an fhille;
  - a áirithiú go mbeidh foireann iomlán ag misin agus oibríochtaí CBSC agus go ndéanfar a gcuid sainorduithe a chur in oiriúint mar is gá chun cuidiú leis an gcomhrac i gcoinne líonraí na ngáinneálaithe agus na smuigléirí, agus chun cabhrú lena samhail ghnó a chur ó mhaith; tacú le gníomhaíocht ár gcomhpháirtithe in G5 na Saiheile;
  - na scéimeanna deonacha athlonnaithe a chur i bhfeidhm agus iad a fhorbairt, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe UNHCR;
  - feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus sonraí laistigh den Aontas, idir na Ballstáit, na gníomhaireachtaí CGB agus misin agus oibríochtaí CBSC, mar aon leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta; sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go leathnófaí na foirne comhpháirteacha oibríochtúla um imscrúdú chuig tíortha ábhartha eile;
  - an ghíaráil riachtanach a chruthú agus a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear forbairt, trádáil agus víosaí, chun torthaí intomhaiste a bhaint amach i dtaobh an imirce neamhdhleathach a chosc agus imircigh neamhrialta a fhilleadh.

4. I ndáil le bealach na Meánmhara Láir, is fíor an méid seo a leanas ó thaobh na Comhairle Eorpaí de:

- aithníonn sí an méid suntasach atá déanta ag an Iodáil maidir le bealach na Meánmhara Láir;
- iarrann sí go leanfadh an tAontas dá iarrachtaí agus go leanfadh sé dá thacaíocht do na Ballstáit chun srian a chur ar shreabhadh na himirce agus chun líon na ndaoine a fhilltear a mhéadú, agus comhar láidir a chothú le tíortha tionscnaimh, idirthurais agus imeachta;
- athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé go n-oibreofaí le húdaráis na Libia agus le comharsana uile na Libia chun feabhas a chur ar an gcumas bainistithe teorainneacha agus leagann sí béim ar a phráinní atá sé go dtacófaí le forbairt na bpobal áitiúil sa Libia ar feadh na mbealaí imirce;
- molann sí iarrachtaí UNHCR agus IOM sa Libia, sa tSaiheil agus sa réigiún, lena n-áirítear an filleadh deonach agus an t-athlonnú a éascú a thuilleadh, agus na dálaí glactha a fheabhsú, i gcomhar le húdaráis na Libia, agus iarrann sí go dtabharfaí tacaíocht dóibh, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, chun a áirithiú go gcaithfear go daonnúil le himircigh;
- tugann sí gealltanais maidir le maoiniú leordhóthanach spriocdhírthe a áirithiú, lena n-áirítear sciar na hAfraice Thuaidh de Chiste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic, mar thaca leis na gníomhaíochtaí sin is gá maidir leis an imirce san Afraic Thuaidh agus chun na tionscail ábhartha uile a mhaoiniú in 2017 agus ina dhiaidh sin, agus go ndéanfar gach eisíocaíocht in am trátha. Cuireann sí de chúram ar an gComhairle, le cúnaimh ón gCoimisiún, obair leantach oibríochtúil a dhéanamh láithreach, lena áirithiú go gcomhlíonfar an gealltanais seo roimh Chomhairle Eorpach mhí na Nollag;
- iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí breise chun láithreach bhuan de chuid an Aontais a bhunú sa Libia, agus na dálaí áitiúla á gcur san áireamh.

5. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí dlúthfhaireachán ar staid reatha bhealaí na Meánmhara Thoir agus Thiar i bhfianaise a bhfuil de mhéadú tagtha ar an sreabhadh imirce le déanaí.
6. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur cuid dá cur chuige fadtéarmach don imirce aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce agus deiseanna eacnamaíochta agus sóisialta a chur ar fáil sna tíortha idirthurais agus tionscnaimh. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur seoladh an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe le déanaí, lena dtacaítear leis an infheistíocht san Afraic agus sna tíortha Comharsanachta. Is díol sásaimh di freisin gur cuireadh chun feidhme Tionscnamh Athléimneachta Eacnamaíoch an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), rud a fhágann go bhfuil infheistíochtaí á slógadh sna tíortha Comharsanachta. Tá an Chomhairle ag súil leis an gcomhar le comhpháirtithe na hAfraice a phlé ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach a bheidh ann go luath amach anseo.
7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thiomanta atá sí do chóras Schengen agus léiríonn sí go bhfuil rún aici 'filleadh ar Schengen' a luaithe is féidir agus leasanna comhréireacha slándála na mBallstát á gcur san áireamh.
8. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh go nuige seo maidir leis an athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh cóineasaithe chun comhaontú a bhaint amach a mbeidh an chothromaíocht cheart ann idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus lena n-áiríteofar athléimneacht i gcoinne géarchéimeanna eile amach anseo, i gcomhréir le conclúidí Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2017. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag, agus féachfaidh sí le teacht ar chomhdhearcaidh sa chéad leath de 2018.

## II. AN EORAIP DHIGITEACH

9. Seoladh teachtaireacht láidir ag Cruinniú Mullaigh Digiteach Thailinn ar an 29 Meán Fómhair 2017 i ndáil leis an ngá atá le hEoraip Dhigiteach a bheidh níos láidre agus níos comhsheasmhaí. Is bunús an-mhaith iad conclúidí Phríomh-Aire Ratas tar éis an chruinnithe mullaigh don obair a bheidh le déanamh amach anseo ar gach leibhéal.
10. Leis an digitíú, cuirtear deiseanna ollmhóra ar fáil don nuálaíocht, don fhás, do phoist agus chun ár gcumas iomaíochta domhanda a áirithiú agus chun feabhas a chur ar an éagsúlacht chruthaitheachta agus chultúrtha. Má táimid chun na deiseanna sin a thapú, ní mór dúinn dul i ngleic, le chéile, leis na dúshláin a eascraíonn as an gclaochlú digiteach agus ní mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais atá faoi anáil an digitithe. Tá an Chomhairle Eorpach faoi réir le gach atá riachtanach a dhéanamh ionas go gcrochfaidh an Eoraip a seolta sa saol digiteach.
11. Chun Eoraip dhigiteach a chruthú go ráthúil, beidh gá sonrach ag an Aontas le:
  - rialtais agus earnálacha poiblí atá lánsáite sa ré dhigiteach agus a bheidh ina gcinn feadhna agus in ann dea-shampla a thabhairt: is den tábhacht r-sheirbhísí rialtais agus úsáid na nuatheicneolaíochtaí, inrochtaineacht, an rialtas ilfhreastail agus prionsabal na haonuaire, agus earnáil phoiblí dhigitithe chun ár gcuid sochaithe a athrú ó bhun go barr agus chun tacú le ceithre shaoirse an Aontais Eorpaigh. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí Dearbhú Aireachta Thailinn maidir le r-sheirbhísí rialtais a chur chun feidhme;

- creat rialála atá dírithe ar an todhchaí: Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a thabhairt chun críche ina hiomláine faoi dheireadh 2018, is cúram é atá fós bunriachtanach. In ainneoin go bhfuiltear tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh sa réimse seo, ní mór géarú ar luas na hoibre chun an sprioc thuas a bhaint amach. Chun na críche sin, ba cheart, sa chruinniú breise den Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (ITF) ar an 24 Deireadh Fómhair, plé a dhéanamh ar cé mar a d'fhéadfaí borradh a chur faoin obair ar an margadh aonair digiteach agus ar na tosaíochtaí is ceart a bheith ann. Ba cheart do na comhreachtóirí comhaontú a bhaint amach faoi dheireadh 2017 i ndáil le geobhlocáil, seirbhísí meán closamhairc agus beartseachadadh. Ba cheart do na comhreachtóirí comhaontú a bhaint amach faoi mhí an Mheithimh 2018 i ndáil leis an togra le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta agus an cód um chumarsáid leictreonach. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeadh rialacha leordhóthanacha ann maidir le sreabhadh sonraí le tríú tíortha sna comhaontuithe trádála, gan dochar do reachtaíocht an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart tús áite a thabhairt don chaibidlíocht faoin gcóipcheart agus faoin Treoir maidir le hÁbhar Digiteach. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfáth freisin gur gá breis trédhearcachta maidir le cleachtais ardáin agus an leas a bhaintear as na hardáin sin;
- bonneagar den chéad scoth agus líonra cumarsáide den chéad scoth: beidh comhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ag teastáil chuige sin, comhar a mbeidh d'aidhm aige, i measc rudaí eile, gréasán snáithín optúil sárluais, idir sheasta agus shoghluaiste (5G) den chéad scoth domhanda a bhaint amach ar fud an Aontais mar aon le hinfhaighteachtaí comhordaithe breise ar speictream faoin mbliain 2020 faoi dhálaí comhsheasmhacha rialála agus eacnamaíocha; caithfear na hacmhainní riachtanacha reachtacha ar fad a chur ar fáil chuige sin, lena n-áirítear líon leordhóthanach cruinnithe tríphárteacha, chun comhaontú a bhaint amach i ndáil leis an cód cumarsáide leictreonach, agus na forálacha riachtanacha i ndáil le speictream san áireamh;
- cur chuige coiteann don chibearshlándaíl: bíonn gá ag an saol digiteach le muinín ach ní ann don mhuinín mura n-áirithítear go mbeidh slándáil níos réamhghníomhaí ina bunchuid de gach beartas digiteach, mura gcuirtear ar fáil deimhniú fóna slándála do tháirgí agus seirbhísí, agus mura méadaítear ár gcumas cibear-ionsaithe a chosc, a dhíspreagadh, a bhrath agus freagairt dóibh nuair a tharlaíonn. Chun na críche sin, ba cheart tograí cibearshlándaála an Choimisiúin a fhorbairt ar bhealach iomlánaíoch, agus iad a thíolacadh in am trátha agus a scrúdú gan mhoill, ar bhonn plean gníomhaíochta arna bhunú ag an gComhairle;

- an sceimhlitheoireacht agus an choireacht ar líne a chomhrac: ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí a dhéanfar chuige seo mar a mhol an Chomhairle Eorpach i gconclúidí mhí an Mheithimh 2017. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Dul i nGleic le hÁbhar Neamhdhleathach ar Líne, agus cuireann sí in iúl an athuir go bhfuil sí réidh tacú le bearta iomchuí ar leibhéal an Aontais, más gá sin;
- margaí saothair agus córais oiliúna/oideachais atá oiriúnach don ré dhigiteach: is gá infheistíocht a dhéanamh i scileanna digiteacha, chun muintir uile na hEorpa a chumhachtú agus a chumasú;
- dianiarracht i réimse T&F agus na hinfeistíochta: chun tacú le foirmeacha nua fiontraíochta agus cabhrú le claochlú digiteach na dtionscal agus na seirbhísí. D'fhéadfadh ionstraimí de chuid an Aontais amhail na Cláir Réime, lena n-áirítear Fís 2020, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, a bheith ina gcabhair chun an cuspóir sin a bhaint amach. Ba cheart don Aontas féachaint freisin an bhféadfaí na struchtúir agus an maoiniú iomchuí a bhunú chun tacú leis an nuálaíocht cheannródaíoch;
- tuisceint ar a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar threochtaí nua atá ag teacht chun cinn: cuimsíonn sé seo saincheisteanna ar nós na hintleachta saorga agus na dteicneolaíochtaí blocshlabhra, agus leibhéal ard cosanta sonraí, ceart digiteach agus caighdeán eiticíúil á áirithiú ag an am céanna. Iarann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún cur chuige Eorpach i leith na hintleachta saorga a chur chun cinn go luath in 2018 agus na tionscnaimh is gá a chur ar aghaidh chun na dálaí creata a neartú le go mbeidh an tAontas in ann margaí nua a fhiosrú trí mheán nuálaíochtaí radacacha riosca-bhunaithe agus chun ról ceannródaíochta a chuid tionscail a athdhearbhú;



- córas cánachais a bheadh éifeachtach, cothrom don ré dhigiteach: is den tábhacht go n-áiritheofaí go n-íocann gach cuideachta a cion cothrom cánach agus go dtabharfaí cothrom na Féinne do chách ar an leibhéal domhanda, ar aon dul leis an obair atá á déanamh faoi láthair ag OECD. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tsaincheist seo agus súil aici le tograí iomchuí ón gCoimisiún go luath in 2018.
12. Ní mór go mbeadh sé ina chuspóir againn margadh aonair níos comhdhlúite a chruthú agus tairbhe phraiticiúil a chur ar fáil do shaoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach súil ghéar ar a dtarlóidh sa réimse seo agus cuirfidh sí ar fáil pé treoir is gá. Iarrann sí ar na hinstiúidí dlús a chur leis an obair reachtach, agus ar na Ballstáit reachtaíocht ábhartha an Aontais a chur chun feidhme agus na bearta riachtanacha uile a dhéanamh laistigh dá raon inniúlachta féin chun an ré dhigiteach nua a mhúnlú. Na saincheisteanna sin nach féidir a réiteach ar leibhéal na Comhairle, tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu.

### III. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

13. Meabhraíonn an Chomhairle a conclúidí ó mhí an Mheithimh 2017. Is díol sásaimh di an dul chun cinn suntasach atá déanta ag na Ballstáit agus fógra Buanchomhair Struchtúrtha (PESCO) á ullmhú acu gona liosta coiteann gealltanais, agus an dul chun cinn maidir le rialachas PESCO. Tá sí ag tathant ar na Ballstáit sin a bhfuil sé ar a gcumas sin a dhéanamh a chur in iúl don Chomhairle agus don Ardionadaí gan mhoill má tá sé ar intinn acu páirt a ghlacadh in PESCO. D'fhágfadh sin go bhféadfaí PESCO a sheoladh roimh dheireadh na bliana, d'fhonn na gealltanais a chur chun feidhme go mear, lena n-áirítear na chéad tionscadail a sheoladh. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair atá déanta go dtí seo ag na comhreachtóirí maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP). Tá sí ag iarraidh go mbainfí comhaontú amach laistigh den Chomhairle faoi dheireadh na bliana d'fhonn críoch a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a luaithe is féidir ionas gur féidir na chéad tionscadail arna sainiú ag na Ballstáit a mhaoiniú in 2019.
14. Molann an Chomhairle Eorpach do na Ballstáit sásraí solúbtha, fóna maoiniúcháin a fhorbairt faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh Cosanta ionas gur féidir cumais a sholáthar go comhpháirteach agus/nó iad a chothabháil go comhpháirteach mar bhealach chun feabhas a chur ar an rochtain a bhíonn ar chumais cheannródaíocha. Is é is aidhm don Chiste cumais a chur ar fáil, bunús maith iomaíoch nuálaíoch cothrom a chur faoin tionscal cosanta Eorpach ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chomhar trasteorann agus trí rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide, agus cuidiú mar sin chun an comhar Eorpach a mhéadú i réimse na cosanta, trí leas a bhaint as na sineirgí atá ann agus trí thacaíocht ón Aontas a chur ar fáil de bhreis ar an maoiniú a dhéanfaidh na Ballstáit. Le haghaidh na forbartha Eorpaí tionsclaíche i réimse na cosanta, beidh tacaíocht an Aontais de dhíth d'infheistíochtaí ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ó chuideachtaí (meánchaipitlithe) idirmheánacha i réimse na slándála agus na cosanta. Molann sí do BBEI féachaint an bhféadfaí céimeanna breise a ghlacadh d'fhonn tacú le hinfeistíochtaí sa taighde ar an gcosaint agus i ngníomhaíochtaí forbartha. Is díol sásaimh di seoladh iarracht thrialach an Athbhreithnithe Bhliantúil Chomhordaithe ar Chosaint (CARD), rud ar cheart dó an comhar a spreagadh i measc na mBallstát i réimse na cosanta.

15. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go dtreiseodh PESCO, an Ciste Eorpach um Chosaint agus CARD a chéile le go gcuirfí feabhas ar an gcomhar cosanta i measc na mBallstát.
16. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach ar ais chuig an tsaincheist seo i mí na Nollag 2017 agus measúnóidh sí an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis na gnéithe ar fad a bhaineann le clár oibre na slándála agus na cosanta seachtraí mar a leagadh amach i mí na Nollag 2016 é.

#### **IV. CAIDREAMH SEACHTRACH**

17. Bhí díospóireacht ag an gComhairle Eorpach faoin gcaidreamh leis an Tuirc.
18. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar DPDC a cuid oibleagáidí faoi na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh ina n-iomláine, gan choinníoll, gan mhoill, agus deireadh a chur lena cuid clár núicléach agus diúracán balaistíoch ar bhealach iomlán, infhíoraithe, nach bhfuil aon dul siar air. Ní féidir glacadh leis an iompar atá faoi DPDC le déanaí, iompar ar bagairt shuntasach é ar leithinis na Cóiré agus ar áiteanna is faide i gcéin. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis nach mór síocháin sheasta agus dí-armáil núicléach a bhaint amach ar leithinis na Cóiré, le modhanna síochánta agus le hidirphlé inchreidte, fiúntach. Rinneadh córas smachtbhannaí an Aontais i leith DPDC a neartú a thuilleadh leis na smachtbhannaí uathrialacha a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ar an 16 Deireadh Fómhair 2017. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach a machnamh maidir le freagairtí breise a thabhairt i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe agus leanfaidh an tAontas dá theagmháil le tríú tíortha, á ngríosadh chun smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme ina n-iomláine.
19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta go hiomlán do shocrú núicléach na hIaráine agus formhuiníonn sí an ráiteas a rinne an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ar an 16 Deireadh Fómhair 2017.